Téipscript

Topaic: **An Páiste**

Fothopaic: **Caitheamh aimsire na bpáistí**

Cainteoir: **Dara Ó Cinnéide**

Is mó caitheamh aimsire atá ag na cailíní atá agamsa. Bhaineadar triail as cúrsaí peile, nó 'cúrsaí caide' faoi mar a deirtear anseo timpeall. Thaitin sé leo, ach b'fhearr leo a bheith ag imirt cispheile anois agus tá an rogha sin acu. Bíonn siad, chomh maith leis sin, ag gabháil do chúrsaí snámha. Bíonn siad ag snámh uair sa tseachtain nó dhá bhabhta sa tseachtain, amach as an scoil nó istigh in óstán áitiúil. Chomh maith leis sin, bíonn siad ag gabháil do ghleacaíocht. Rud é sin atá tosaithe le fíordhéanaí acu. Is maith leo é. Bhíodar ag féachaint ar an teilifís ar rud éigin ar nós na cluichí Oilimpeacha agus thaitin sé leo agus theastaigh uathu dul agus triail a bhaint as cúrsaí gleacaíochta agus taitníonn sé ana-mhór leo. Buíochas le Dia, tá rogha mhór leathan anois ann do chailíní agus do bhuachaillí, rud nach raibh ann, b'fhéidir, nuair a bhíomarna níos óige. Ach is breá leo a bheith ag imirt spóirt.

Nótaí:

- Tabhair faoi deara an fuaimniú ar an bhfocal 'snámha'. Is nós Muimhneach é seo.
- Tabhair faoi deara an leagan 'bíonn siad ag gabháil do' chun a chur in iúl go nglacann siad páirt i rud éigin.